II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/413 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2022

lena leasaítear den 330ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 7 Márta 2022, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil a chur le liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

Thar ceann an Uachtaráin

An tArd-Stiúrthóir

An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, faoin gceannteideal "Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"KHATIBA AL-TAWHID WAL-JIHAD (KTJ), (script bhunaidh: Катиба ат-Таухид валь-Джихад); Dá ngairtear, freisin: a) JANNAT OSHIKLARI; b) Jama`at al-Tawhid wal-Jihad ; Dá ngairtí, tráth: a) JANNAT OSHIKLARI; Seoladh: Níl le fáil. Faisnéis eile: Eagraíocht sceimhlitheoireachta is ea Khatiba al-Tawhid (dá ngairtí Jannat Oshiklari tráth), a dhéanann a cuid oibríochta faoi scáth na heagraíochta idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta Fronta Al-Nusrah le haghaidh Phobal na Leiveainte. Is i gcúigí Hama, Idlib agus Ladhiqiyah, i bPoblacht Arabach na Siria, a dhéanann an grúpa chuid oibríochta, go príomha, agus cuireann sé oibríochtaí á ndéanamh freisin sa Tuirc, sa Chirgeastáin, san Úisbéiceastáin, i gCónaidhm na Rúise, an Táidsíceastáin, an Chasacstáin, san Éigipt, san Afganastáin, agus san Úcráin. Cúig chéad trodaí, nó faoin tuairim sin, atá in KTJ. Lena chois sin, téann KTJ i gcomhar le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta amhail Khatiba Imam al-Bukhari agus an Grúpa Jiohád Ioslamaigh. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 7.3.2022."